

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Seachadadh Cnuaslá
2019/20

Oideachas
Reiligiúin



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior **CYCLE**
for teachers

Clár Ábhar

Gluais Téarmaíochta	3
Bileog Oibre Taighde	4
Pleanáil don Fhoghlaim	5
Machnamh ar Uirlisí Measúnaithe	6
Machnamh ar Mheasúnú Foirmitheach	7
Measúnú Rangbhunaithe 1 á chur i gcrích	8
Spás le haghaidh nótaí / Machnamh	9
MRB 1: Duine Tiomanta	10
MRB 1: Gnéithe Cáilíochta	11
MRB 2: Tóraíocht Bhrí an Duine	12
MRB 2: Gnéithe Cáilíochta	13
Feic - Smaoinigh - Meabhraigh	14
Shiva-Nataraja	15
Tacsanomaíocht Bloom: Ceistiú	16
Ceistiú a Dhéanamh níos Éifeachtaí	17
Machnamh a dhéanamh ar Cheistiú	18
Léarscáil an tSuímh	19
Póstaeir na mBriathra Gnímh	20
Póstaeir na mBriathra Gnímh/Straitéisí	21
Póstaeir na dTorthaí Foghlama	22
Machnamh ar an bhFoghlaim	23
Doiciméid / Suíomhanna	24

GLUAIS TÉARMAÍOCHTA

Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna):

Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid tascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Tá cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna gnéithe cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás Measúnú Rangbhunaithe déantar tuairim an mhúinteora a thairdead i gcomhair Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus úsáidtear í sa tuairisciú chuig tuismitheoirí agus chuig scoláirí.

Gnéithe Cáilíochta: Cabhraíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas múinteoirí agus scoláirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun na píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

Measúnú Foirmitheach: Beidh an tSraith Shóisearach bonntacaithe ag comhtháthú breise ar mheasúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim sa seomra ranga. Baineann measúnú foirmitheach le machnamh múinteoirí agus scoláirí ar an tslí ina bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus a gcinntí faoi na céad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a dheimhniú. Bíonn an t-aiseolas a chuireann múinteoirí ar fáil dá scoláirí mar chuid ríthabachtach den mheasúnú foirmitheach. Trí úsáid a bhaint as raon gníomhaíochtaí measúnaithe cuidíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach mar aon leis na deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt bhreise a aithint. Fabhróidh ról an mhúinteora agus an t-idirghníomh sa chaidreamh idir an múinteoir agus an scoláire chun an saghas foghlama atá beartaithe thuas a éascú. Leagfaidh múinteoirí béim bhreise ar mheasúnú a chomhtháthú ina gcuid teagaisc chun go mbeidh ar a gcumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí ina gcuid foghlama agus tacú leo machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí: In PGSS tabharfar aitheantas don ghnóthachtáil thar achair uile na foghlama de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid tosaíochta foghlama, Achair foghlama eile. Beidh eilimintí uile an mheasúnaithe mar bhonn tagartha agus tuairiscithe don ghnóthachtáil ar a n-áirítear measúnú foirmitheach, leanúnach, Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS ar a n-áirítear torthaí ó na scrúduithe stát-theistithe agus ó na Tascanna Measúnachta. Beidh formáid a chinnfear go náisiúnta ag PGSS. Beidh sé curtha le chéile ag an scoil agus faighte ag na scoláirí san Fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bhíonn torthaí uile an mheasúnaithe ó CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

Intinn Foghlama

Is ráiteas é intinn foghlama i gcomhar ceachta, nó sraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid a ba mhian leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Ráiteas Foghlama

Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama

Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Agus an Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích, beidh múinteoirí rannpháirteach i gcuinnte Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlama na scoláirí.

Critéir Ratha

Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus / nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama na scoláirí.

Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis a choimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cé mhéad a léirigh na scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin i gcomparáid le critéir ratha nó le gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.

Aonad Foghlama

Nascann aonad foghlama Torthaí a leagann amach go soiléir an méid a ba chóir a bheith ar eolas, intuigthe agus indéanta ag scoláirí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghiamá agus teagaisc laistigh den aonad sin.



Bileog Oibre Taighde

Deirfiúracha Moslamacha na hÉireann: Cad iad na luachanna a sheasann amach sa ghearrthóg ó Nationwide?

Nótaí Taighde

Pleanáil don Fhoghlaim

Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfeadh siad, agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Ba chóir go gcabhródh intinní foghlama soiléire leis na scoláirí díriú ní amháin ar an tasc ná ar an ngníomhaíocht atá ar siúl ach ar an méid atá á fhoghlaim acu. Bíonn intinní foghlama i gcónaí nasctha le ceann amháin nó níos mó de na torthaí foghlama sa tsonraíocht.

leathanach 5



Beidh Intinní Foghlama Éifeachtacha

...

- *I gcónaí nasctha leis an bhfoghlaim bheartaithe
- *Díríte ar an bhfoghlaim agus ní ar an ngníomh
- *Scríofa i dteanga a thuigeann scoláirí
- *Díríte ar an méid a bheidh ar eolas ag an scoláire faoi dheireadh an cheachta
- *Leathan go maith nach mbeidh teorainn ar réimse leathan na n-eispéireas foghlama

Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

leathanach 5

Critéir Ratha...

- *Caithfear iad a nascadh go soiléir leis an intinn foghlama
- * Caithfear iad a phleanáil roimh ré
- * Caithfidh úinéireacht a bheith ag an scoláire orthu
- * Caithfidh siad a bheith leathan go leor go mbainfidh siad le gach cumas sa rang
- * A bhuíochas dóibh bíonn teagasc agus foghlaim níos dírithe agus níos rathúla




Critéir Ratha Imholta



Machnamh ar Uirlisí Measúnaithe



Tóg nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar na huirlisí measúnaithe a úsáideann tú i do sheomra ranga

Uirlisí Measúnaithe	 I gcónaí	 In amanna	 In am ar bith
Bileog Oibre			
Tasc Obair Baile			
Tráth na gCeist			
Breathnóireacht Ranga			
Ceistiú ó Bhéal			
Plé / díospóireacht			
Agallamh			
Scoth na gCainteoirí (labhraíonn scoláirí ar feadh 2-3 nóiméad ar thopaic)			
Spotsolas			
Logaí foghlama / dialanna / blaganna			
Léirithe amhairc (eagraí grafach; póstaer nó bileog; leathanach suímh nó PowerPoint) Taibhiú nó léiriú ó bhéal			
Measúnú i bpéirí nó mar ghrúpa			
Déanann na scoláirí podchraoladh nó fiseán chun an fhoghlaim s'acu a léiriú.			
Teist le tabhairt abhaile			
Teist agus an leabhar oscailte			
Socraíonn na scoláirí a gcuid ceisteanna féin agus aontaíonn ar chorás marcála.			
Teist droim ar ais (.i. tugtar na ceisteanna do na scoláirí roimh ré agus oibríonn i ngrúpaí chun ullmhú)			
Cuireann scoláirí punann le chéile a léiríonn an obair is fearr atá acu			



Machnamh ar Mheasúnú Foirmitheach



Tasc: An samplaí iad na cásanna seo a leanas den mheasúnú foirmitheach

Ráiteas	Fíor	Bréagach	?
Cuireann an múinteoir an cheist ar an rang an bhfuil eolas ar bith acu faoi charthanacht. Tugann roinnt scoláirí freagra. Leanann an múinteoir ar aghaidh leis an gceacht. Díríonn an ceacht ar an méid ar thug na scoláirí freagraí faoi ag tús an cheachta. Ni dhéanann an múinteoir tagairt ar bith do na freagraí sin arís.			
Baineann an múinteoir úsáid as Quizlet beo, quiz ar line, le scrúdú a chur ar na scoláirí ag deireadh ceachta. Is é fócas an quiz na príomhthéarmaí a tháinig aníos le linn an cheachta agus a gciall / míniúcháin. Aibhsítear na torthaí ar an scáileán. Tugtar aiseolas láithreach ar gach freagra. Ag deireadh an quiz, tugtar aiseolas don mhúinteoir ionas gur féidir leis dul ar ais chuig an gceacht leis na scoláirí.			
Úsáideann an múinteoir straitéis “ticéad le himeacht” agus aithníonn go bhfuil roinnt scoláirí nach dtuigeann an topaic a bhí á teagasc le 15 nóiméad anuas. Ní théann sé siar air láithreach ach tugann cuairt arís ar an ábhar, ach cur chuige éagsúil in úsáid aige sa chéad cheacht eile.			
Déanann an scoláire mionscrúdú ar an measúnú ceartaithe s’aige a tugadh dá rang ag deireadh an aonaid fhoghlama. Ta an grád ar an leathanach tosaigh don scoláire agus tá ticeanna dearga le feiceáil acu an bealach ar fad tríd an bpíosa measúnaithe ceartaithe.			
Tugtar tasc scríofa do na scoláirí mar aon le critéir ratha. Mar obair baile, iarrtar orthu an tasc a phleanáil. An lá dar gcionn, oibríonn na scoláirí i bpéirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair a chéile ag úsáid na gcritéir ratha. Tugann siad moltaí dá chéile conas ab fhéidir leo a gcuid pleananna a fheabhsú agus de réir an aiseolais sin, críochnaíonn siad an tasc.			
Bíonn scoláirí rannpháirteach agus iad ag baint úsáid as TFC chun taighde a dhéanamh ar chineálacha carthanais in Ioslám. Tugtar treoir dóibh a dtaighde a thiomsú mar thuirisc ar dhoiciméad ar line, a ainmníonn dhá chineál carthanais in Ioslám. Agus na scoláirí ag obair, téann an múinteoir thart ar an seomra ag seiceáil ar na scáileáin s’acu, ag moladh smaointe agus ag tabhairt aiseolais maidir le dul chun cinn atá déanta ag na scoláirí ar na tuairiscí.			
Ag deireadh an aonaid, úsáideann an múinteoir quiz Kahoot. Seoltar na torthaí chuig an múinteoir agus ní léann sé / sí iad.			



Measúnú Rangbhunaithe 1 á Chur i gCrích



Treoirínte Measúnachta, leathanach 15 agus 16

Fiosrúchán

Agus é ag tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe seo, d'fhéadfadh sé go gcabhródh sé leis an scoláire a fhiosrúchán tosaigh a bhunú ar cheisteanna teorach mar seo a leanas, cé nach gcaithfear cloí leo seo amháin:

Cén fáth ar fiú fiosrúchán a dhéanamh ar an duine a roghnaigh mé?

An bhfuil gné shonrach dá s(h)aol nó imeacht sonrach a fhiosróidh mé?

Céard iad na ceisteanna a threoróidh mo chuid taighde? Céard atá mé ag iarraidh a fháil amach?

Conas is féidir liom a chinntiú go mbeidh mo chuid taighde leathan agus cothrom agus go dtarraingeoidh mé as raon tuairimí?

Fiosrú

Bíonn an scoláire i mbun fiosraithe chun teacht ar a chuid conclúidí pearsanta féin, ar mhaithe le nithe a thabhairt chun solais. Chun tosú ar an bhfiosrú seo, d'fhéadfadh an scoláire cuimhneamh ar na ceisteanna seo a leanas:

Conas a aimseoidh mé eolas? m.sh. ríomhphoist a sheoladh, nuachtáin, suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, cuairt ar an leabharlann, cuairt ar áit nó ar eagraíocht a bhaineann leis an duine, srl. I gcás inar féidir ba chóir an scoláire a spreagadh le breis is aon fhoinse/tuairim amháin a úsáid. Tá tábhacht faoi leith leis sin nuair a úsáideann an scoláire foinsí ar líne.

An bhfuil aon duine ann ar féidir liom dul i gcomhairle leis nó agallamh a chur air faoin duine seo? Céard iad na luachanna/creidimh agus/nó dearcadh ar an domhan a chuaigh i bhfeidhm ar shaol an duine seo? Cén fhianaise is féidir liom a sholáthar?

Conas is féidir liom an nasc idir gníomhartha an duine agus a chuid luachanna a thaispeáint?

Conas a d'imir an duine tionchar dearfach ar an saol – cibé ar leibhéal áitiúil nó níos leithne?

Machnamh agus gníomh


Tá sé tábhachtach go spreagfar an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige trína fhiosrú, ar an mbealach a ar fhoghlaim sé é agus ar an gciall a bhféadfadh a bheith leis dó anois nó amach anseo.

Tuairisciú ar Dhuine Tiomanta

Féadfaidh an scoláire roghnú a thuirisc a dhéanamh i leaganacha amach éagsúla – cuntas scríofa, fuaime, taibhiú nó ilmhódach - ar nós, mar shampla: aiste, leabhar gearrthóg, blog, script le craoladh, litir, scéala iarbháis, óráid, cur i láthair ó bhéal, agallamh srl. Is féidir leis an scoláire obair a dhéanamh ina aonar agus tuairisciú ina aonar. Má oibríonn sé le scoláire eile nó i ngrúpaí beaga is féidir leis roghnú ansin tuairisc a dhéanamh ina aonar nó mar ghrúpa, agus é á choinneáil ar aigne go measúnófar gach scoláire dá chuid oibre aonair féin de réir na nGnéithe Cáilíochta.

I gcás go roghnóidh an scoláire a thuirisc a chur i láthair ó bhéal, bíonn sé úsáideach a rá leis gur chóir go mairfeadh an tuairisc thart ar trí nóiméad. I gcás go mbeidh scoláirí ag tuairisciú ó bhéal mar ghrúpa beag, ba chóir go mbeadh an píosa ó gach scoláire fada go leor go mbeidh obair shuntasach le déanamh ag gach ball, cé nach gá go gcaithfidh grúpaí triúir tuairisc ó bhéal a mhairfidh 9 nóiméad a chruthú.

Spás le haghaidh Nótaí/Machnaimh



MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Duine tiomanta



Duine Tiomanta

In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire taighde ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann, agus tuairisceoidh sé faoin duine sin.



Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an duine a roghnófar. D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint le Torthaí Foghlama áirithe do Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Duine Tiomanta, mar atá leagtha amach thíos.

Creidimh á gcur in iúl

1.3. Dul i ngleic le baill de phobal creidimh a bhfuil baint aige le ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht agus léirthuiscint a thaispeáint maidir leis an gcaoi ina n-imríonn creidimh reiligiúnacha an phobail tionchar ar shaol na mball ó lá go lá

1.12 an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina gcuireann daoine a gcreidimh, bíodh sin creidimh reiligiúnacha nó eile, in iúl agus ina bhfuil na creidimh sin le feiceáil ina saol, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin agus é a thabhairt le chéile

Ceisteanna á bhFiosrú

2.8 scéalta daoine aonarach a nó grúpaí daoine a chur i láthair ó stair dhá cheann de mhór-reiligiúin an domhain a raibh tionchar dearfach acu ar shaol daoine mar gheall ar an tiomantas a bhí acu maireachtáil de réir a gcreideamh

ÁRR Luachanna á Maireachtáil

3.1scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile

3.2machnamh agus plé a dhéanamh faoi cad atá i gceist le moráltacht, faoin bhfáth go gcaithfidh daoine atá ina gcónaí sa tsochaí a bheith morálta agus faoi na tionchair agus na foinsí údaráis is cúis le cinnteoireacht mhorálta duine

3.9 an léargas a fhaightear ar na gnásanna, luachanna agus príonsabail taobh thiar de chinnteoireacht agus gníomhartha i saol daoine, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin agus iad a tharraingt le chéile

Bealaí gur féidir duine tiomanta a roghnú

Duine arb eol don scoláire é ag a bhfuil saol tiomanta agus a dhéanann difear dearfach sa saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.	Bunaitheoir nó ball eagraíochta nó pobail a bhíonn tiomanta do chabhair a thabhairt do dhaoine eile.	Ceannaire reiligiúin nó ceannaire domhanda a d'imir tionchar dearfach ar an saol.	Duine le creideamh atá nasctha le ceann de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht nó a bhaineann le reiligiún mór domhanda eile.	Duine nach gceanglaíonn é féin le haon reiligiún ach a léiríonn tiomantas do dhearcadh ar an domhan agus do luachanna a d'imir tionchar dearfach ar an saol ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.
---	--	---	--	--

Measúnú Rangbhunaithe 1: Na Gnéithe Cáilíochta: Duine Tiomanta

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú.

Thar barr ar fad	Na Gnéithe Cáilíochta
<p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Tá sárthaighde le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas iontach inchreidte agus cuimsitheach sa tuairisc faoin mbealach ar imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta géarchúiseach ar an bhfoghlaim chomh maith le feacht ar a gciallaíonn sé don scoláire</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Tá taighde an-mhaith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas inchreidte agus cuimsitheach sa tuairisc faoin mbealach ar imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá fianaise mhaith le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá taighde maith le feiceáil sa tuairisc maidir le scóip na tuairisce chomh maith leis na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas réasúnta soiléir comhtháite sa tuairisc faoin mbealach ar imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol agus ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Tá roinnt fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire, cé go bhfuil sé réasúnta teoranta.</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Tá sé le feiceáil sa tuairisc nach ndearnadh ach méid teoranta taighde maidir le scóip na tuairisce agus na scileanna fiosrúcháin atá léirithe</p> <p>Tugtar cuntas an-bhunúsach sa tuairisc faoin mbealach ar imir an duine tiomanta tionchar dearfach ar an saol ach ní thugtar mórán fianaise ar an mbealach a ndeachaigh a luachanna pearsanta/a chreideamh reiligiúin/a dhearcadh ar an domhan i bhfeidhm air sin</p> <p>Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire.</p>

Measúnú Rangbhunaithe 2: Tóraíocht bhrí an duine



Tóraíocht Bhrí an Duine

In imeacht trí seachtaine, le tacaíocht/treoir ón múinteoir, déanfaidh an scoláire fianaise ealaíonta nó ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí ina ndeachaigh daoine i ngleic le creideamh reiligiúnach/sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha.



Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar. D'fhéadfadh ábharthacht ar leith a bheith ag baint le Torthaí Foghlama áirithe do Tóraíocht bhrí an duine Thíos, mar atá:

Expressing Beliefs

1.5 fiosrú a dhéanamh ar théamaí reiligiúnacha i gcultúr na linne seo san ealaín, i gceol, i litríocht nó i scannáin

1.6 scrúdú a dhéanamh agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi ina gcuireann daoine creideamh reiligiúnach in iúl i ndeasghnátha, in ionaid adhartha foirmeálta agus in ionaid bheannaithe eile

Exploring Questions

2.1 taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol

2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina ndeachaigh mór-reiligiún domhanda amháin agus dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan i ngleic leis na ceisteanna móra faoin saol, amhail, cén fáth go bhfuilimid anseo? Conas ba cheart dúinn maireachtáil? Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?

2.10 tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina dtéann daoine ag a bhfuil creidimh reiligiúnacha agus tuiscintí difriúla ar an saol i ngleic le ceisteanna maidir le brí, cuspóir agus caidrimh, agus machnamh a dhéanamh ar an léargas sin

Bealaí ar féidir ábhar le fiosrú a roghnú

Ealaín	Ailtireacht	Seandálaíocht
Pictiúr péinteáilte/sraith pictiúr péinteáilte	Reilig	Teampaill sheanda (m.sh. Teampall Máigheach nó Astacach)
Dealbh, píosa dealbhóireachta nó séadchomhartha	Mosc	Abhainn naofa
Saothar ceoil nó amhrán	Teampall	Tuama adhlactha
Scannán nó dráma	Scrín	Cosán oilithrigh
Srl.	Séipéal nó Ardeaglais	Tobar beannaithe
	Srl.	Srl.



Na Gnéithe Cáilíochta: Duine Tiomanta

Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidtear le hobair an scoláire a mheasúnú.

<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Na Gnéithe Cáilíochta</p> <p>Tá sárthaighde le feiceáil sa tuairisc chomh maith le tuiscint shoiléir ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe</p> <p>Tá an tuairisc iontach láidir agus cuimsitheach ó thaobh mar a thaispeántar conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil</p> <p>Tá freagairt phearsanta ghéarchúiseach sa tuairisc lena dtaispeántar go ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ábhar agus gur tháinig sé ar a chonclúidí measta féin.</p>
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint an-mhaith le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe</p> <p>Taispeántar go han-soiléir sa tuairisc conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil</p> <p>Tá freagairt phearsanta bharántúil sa tuairisc lena dtaispeántar go ndeachaigh an scoláire i ngleic leis an ábhar agus gur tháinig sé ar a chonclúidí measta féin.</p>
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint réasúnta maith le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe</p> <p>Taispeántar go réasúnta soiléir sa tuairisc conas a bhaineann an t-ábhar a fiosraíodh le ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil</p> <p>Tá roinnt freagartha pearsanta sa tuairisc, cé gur freagairt réasúnta teoranta atá ann, lena dtaispeántar go bhfuil roinnt iarrachta déanta ag an scoláire chun teacht ar a chonclúid mheasta féin</p>
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p>Tá taighde agus tuiscint teoranta le feiceáil sa tuairisc ar mar atá creideamh reiligiúnach/tóraíocht bhrí an duine curtha in iúl ina ábhar roghnaithe</p> <p>Taispeántar nasc teoranta nó ní thaispeántar nasc ach go beag idir an t-ábhar a fiosraíodh agus ceann amháin nó níos mó de cheisteanna móra an tsaoil</p> <p>Tá beagán fianaise nó níl aon fhianaise ar fhreagairt phearsanta sa tuairisc ná fianaise gur tháinig an scoláire ar a chonclúidí measta féin.</p>

Feic - Smaoinigh – Meabhraigh

Cad é a fheiceann tú?



Cad é a smaoiníonn tú faoi sin?



Cad é a thugann sé ort a mheabhú?



Feic - Smaoinigh - Meabhraigh: Spreagann an gnás seo na scoláirí a bheith ag déanamh breathnóireachtaí cúramacha agus léirmhínte tomhaiste. Cabhraíonn sé chun fiosracht a spreagadh agus ullmhaíonn scoláirí don fhiosrúchán. Úsáid an gnás seo nuair is mian leat scoláirí a bheith ag smaoiniamh go domhain faoin gcúis a mbíonn cuma áirithe ar rud nó caoi áirithe leis. Úsáid an gnás seo ag tús aonaid chun scoláirí a spreagadh nó bain triail as le rud a cheanglaíonn le topaic áirithe le linn an aonaid fhoghlama. Smaoinigh faoin ngnás seo a úsáid le réad suimiúil éigin gar do dheireadh an aonaid leis na scoláirí a spreagadh níos mó úsáid a bhaint as gcuid eolais agus smaointe.

Shiva - Nataraja



Tacsanomaíocht Bloom – Ceistiú

Higher Order Thinking Skills



Evaluation

Make and defend judgments based on internal evidence or external criteria.

appraise
argue assess attach
choose compare conclude
contrast defend describe discriminate
estimate evaluate explain judge justify interpret
relate predict rate select summarize support value

Synthesis

Compile component ideas into a new whole or propose alternative solutions.

arrange assemble categorize collect combine comply
compose construct create design develop devise explain
formulate generate plan prepare rearrange reconstruct relate
reorganize revise rewrite set up summarize synthesize tell write

Analysis

Break down objects or ideas into simpler parts and find evidence to support generalizations.

analyze appraise breakdown calculate categorize compare
contrast criticize diagram differentiate discriminate distinguish
examine experiment identify illustrate infer model outline
point out question relate select separate subdivide test

Application

Apply knowledge to actual situations.

apply change choose compute demonstrate discover
dramatize employ illustrate interpret manipulate
modify operate practice predict prepare produce
relate schedule show sketch solve use write

Comprehension

Demonstrate an understanding of the facts.

classify convert defend describe discuss
distinguish estimate explain express
extend generalized give example(s)
identify indicate infer locate paraphrase
predict recognize rewrite review select
summarize translate

Knowledge

Remember previously learned information.

arrange define describe duplicate
identify label list match memorize
name order outline recognize
relate recall repeat reproduce
select state

Cuspóir Cognaíoch	Leideanna Féideartha
Breithmheas 	Cad í an chuma a bheadh air dá mba...? Cad é mar a bheadh sé .. a dhéanamh? Dear ... Cuir i gcás gur ... tú... Cad é a tharlódh dá mbeadh ...? Bain úsáid as do shamhlaíocht agus tarraing pictiúr de ... Inis / scríobh deireadh eile ...
Sintéis 	Cén fáth...? Cén fáth nach...? Cad é do bharúil faoi...? Cén fáth a measann tú go...? Cuir iad seo in ord tosaíochta ...
Anailís 	Cad iad na nithe a úsáidtear...? Cad iad na dóigheanna eile a dtiocfadh...? Cad iad na rudaí atá mar a chéile/éagsúil...? Cén cineál duine é ...?
Feidhm 	Cad é a tharlódh dá mbeadh...? An ndéanfá an rud céanna le ...? Dá mbeifeá ansin, an ndéanfá ...? Cad é mar a réiteofa an fhadhb...? Sa leabharlann, aimsigh eolas faoi...
Tuiscint 	Inis dom i bhfocail de do chuid féin... Cén chiall atá leis...? Tabhair dom sampla de... Déan cur síos ar ... Déan léarscáil de... Cad í an phríomhbhrí atá le...? Cén fáth a síleann tú...?
Eolas 	Cén áit...? Cad é...? Cé...? Cén uair...? Cá mhéad...?




Ceistiú a dhéanamh níos éifeachtaí






Le linn duit a bheith ag pleanáil ceistiú níos éifeachtaí tá sé ina chúnadh díriú ar cén fáth a bhfuil tú ag cur na ceiste sa chéad dul síos. Léiríonn an tábla thíos roinnt den iomad cuspóirí atá le ceisteanna a chur sa seomra ranga.

Cuspóir na ceiste	Samplaí
Chun scoláirí a spreagadh le machnamh ar a dtuiscint ar choincheapa.	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an smaoineamh is tábhachtaí ó phlé an lae inniu? • An féidir leat an coincheap a mhíniú i do chuid focal féin? • In áit ‘an dtuigeann tú? Abair ‘Tabhair sampla dom chun go mbeidh a fhios agam go dtuigeann tú’.
Chun a iarraidh ar scoláire ráiteas doiléir a shoiléiriú	<ul style="list-style-type: none"> • An ndéarfaidh tú beagán níos mó ar an bpointe sin? • An dtabharfaidh tú tuilleadh mínithe?
Chun scoláirí a spreagadh chun tuairimí, luachanna agus mothúcháin a fhiosrú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na luachanna nó na tuairimí a thacaíonn leis an argóint seo? • Cad é a raibh tionchar aige ar an rud a mhothaíonn tú/ a chreideann tú faoin topaic?
Chun scoláirí a spreagadh chun coincheap a fheiceáil ó dhearcadh eile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an dearcadh ar an gceist seo, dar leat, a bheidh ag daoine nach n-aontaíonn tú leo? • Samhlaigh conas a d’fhéadfadh sé sin feidhmiú i gcás eile nó le fadhb eile?
Chun scoláirí a spreagadh chun tacú lena ndearbhuithe agus a léirmhínte	<ul style="list-style-type: none"> • Conas atá sé sin ar eolas agat? • Cad é a thug ort teacht ar an gcinneadh sin? • Cá bhfuil an fhianaise? An bhfuil sí iontaoifa?
Chun scoláirí a spreagadh chun freagairt dá chéile	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é an bharúil atá agat ar an smaoineamh a nocht do pháirtí ranga? • An aontaíonn tú leis nó an bhfuil dearcadh eile agat ar an gceist? Míniú.
Chun cur le smaointeoireacht scoláirí agus í a dhoimhniú	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na tuiscintí is cúis le do smaointeoireacht? • Cad é/cé a raibh tionchar aige ar do smaointeoireacht?
Chun a iarraidh ar scoláirí na torthaí a d’fhéadfadh a bheith ann a thuair	<ul style="list-style-type: none"> • Cad é a tharlódh dá... • Cad iad roinnt de na hiarmhairtí is féidir a bheith le...? • Cad é an toradh a bheadh ann dá n-úsáidfidh tacar eile toimhdí chun an turgnamh seo a chur ar bun?
Chun scoláirí a spreagadh chun eolas a nascadh agus a eagrú	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a shoiléiríonn sé sin an coincheap a ndearna muid staidéar air an tseachtain seo chuaigh thart? • An féidir leat graf nó tábla a fhorbairt a eagraíonn an t-eolas seo ar bhealach cuidiúil?
Chun a iarraidh ar scoláirí prionsabal nó foirmle a chur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none"> • Conas a chuirtear an prionsabal seo i bhfeidhm sa chás seo? • An bhfuil barúil ag aon duine conas a d’úsáidfidh an foirmle nua seo chun an fhadhb a fhuascailt a rinne muid a iniúchadh ar ball?
Chun a iarraidh ar scoláirí coincheap a léiriú le sampla	<ul style="list-style-type: none"> • An féidir leat smaoineamh ar shampla de sin, bunaithe ar do thaithí féin? • An féidir leat mír ar leith den úrscéal a lua a léiríonn an téama seo? • An féidir leat pictiúr nó deardadh a roghnú atá ina eiseamláir ar an smaoineamh sin?



Ag meabhrú ar an gcaoi a n-úsáideann tú féin ceisteanna i do sheomra ranga

I mo sheomra ranga....	 I gcónaí	 Uaireanta	 Riamh
Déanaim machnamh ar na ceisteanna atá mé ag dul a chur sa rang agus pleanálaim ceist fhíormhaith amháin nó dhá cheann do gach ceacht.			
Cuirim ceisteanna a thugann dúshlán na scoláirí agus a thugann orthu páirt a ghlacadh.			
Sula dteagascaim topaic nua úsáidim ceisteanna chun an t-eolas agus an tuiscint atá ag na scoláirí cheana a mheas.			
Cuirim ceisteanna a thugann ar scoláirí an t-eolas agus an tuiscint atá acu faoi láthair a úsáid chun tuiscint nua a chruthú.			
Cuirim ceisteanna chun smaointeoireacht chruthaitheach agus smaointeoireacht ghrinn a spreagadh.			
Déanaim iarracht gan an iomarca ceisteanna dúnta a chur.			
Cuirim am ar fáil do smaointeoireacht tar éis ceist a chur sa rang.			



Úsáidtear Ceistiú Éifeachtach chun:


- An leibhéal tuisceana reatha a shainiú
- An fhoghlaim a shíniú agus a fhorbairt
- Bonn eolais a chur faoin bpleanáil sa todhchaí

Sa Cheistiú Éifeachtach

- Cuirtear níos lú ceisteanna 'druide'
- Míníonn foghlaimeoirí agus tugann siad údar dá gcuid freagraí
- Cuirtear níos mó ceisteanna 'oscailte'
- Bíonn an rang iomlán rannpháirteach
- Déantar ceisteanna a dhifreáil
- Cuirtear ceisteanna i seicheamh
- Bíonn am smaointeoireachta ann
- Déantar príomhcheisteanna a ullmhú



Léarscáil an tSuímh



BRIATHRA Gnímh ó Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí

Aithin

fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaitheint

Anailísigh

staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaitheint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí

Ceap

rud éigin a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh

Cosain

cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

Cruthaigh

rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine

Cuir i láthair

rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú

Cuir le chéile

gnéithe éagsúla a tharraingt le chéile chun rud iomlán a chruthú

Cuir síos

tuairisc a thabhairt, i bhfocail, líníochtaí nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair

Dealaigh

an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach

Déan comparáid

cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá (nó níos mó) rud, dearcadh nó seasamh, ag tagairt don dá cheann acu/ dóibh uile síos tríd

Déan crític ar

gnéithe dearfacha agus diúltacha a lua maidir le, mar shampla, smaoinemh, dearcadh nó ócáid ag tabhairt cúiseanna

Déan díospóireacht

dearcadh nó argóint a leagan amach faoi ábhar a bhfuil tuairimí difriúla ann ina leith, agus cruthúnas a sholáthar don seasamh sin

Déan suirbhé

scrúdú nó tomhas a dhéanamh ar bhealach mionsonraithe

Déan taighde

eolas oiriúnach a fháil, a chur in eagar, a thaifeadh, a anailísiú agus conclúidí a bhaint as

Fiosraigh

dlúthbhreathnú córasach a dhéanamh ar rud chun rud éigin a fháil amach; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh

Iníúch

breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus chun teacht ar chruthúnas tacaíochta do chonclúidí

Léirthiscint a bheith ag... do...

luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air

Liostaigh

tabhair roinnt pointí nó fíoras, gan aon mhíniú breise

Luaigh

ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta

Machnaigh

machnamh meabhraitheach cúramach a dhéanamh ar a thaithí, chreidimh agus eolas chun léargas nua a fháil agus chun brí dá chuid féin a bhaint as

Meas

scileanna breithiúnais agus meastóireachta a thaispeáint, ag déileáil go cothrom le tuairimí difriúla

Meas (cuimhnigh ar...)

machnamh a dhéanamh ar an tsuntasacht a bhaineann le rud éigin

Measúnaigh (breithiúnas eiticíúil)

fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaitheint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

Mínigh

tugtar níos mó ná liosta fíricí/smaointe le fios: ní mór na cúiseanna nó an fáth taobh thiar de na fíricí/smaointe sin a thabhairt chomh maith

Mol (comhairligh)

rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe

Pléigh

fiosrú a dhéanamh faoi choincheapa, tuiscintí nó dearcadh eile ar ábhar agus a chonclúid/dhearcadh féin a fhorbairt, a mbeidh fianaise nó cúiseanna cuí mar thaca leis

Rianaigh

forbairt smaointe, creidimh, cleachtais, ócáide srl. a leagan amach ar bhealach croineolaíoch

Sainaitin

fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

Scrúdaigh

argóint nó coincheap a fhiosrú/a imscrúdú ar bhealach a nochtann an bunús, na toimhdí agus na caidrimh atá mar bhonn leis

Sintéisigh

gnéithe/smaointe difriúla a tharraingt le chéile d'fhonn teacht ar thuiscint nua

Tabhair breac-chuntas

na príomhphointí a bhaineann le hábhar a thabhairt; gan ach na pointí riachtanacha a thabhairt

Tabhair le fios

réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh

Téigh i ngleic le

páirt a ghlacadh i rud éigin, ag ligean dó d'aird agus do spéis a tharraingt



Roinnt Straitéisí a cuireadh i láthair inni



Is clár “feasacháin” fíorúil ar line é **Padlet**, áit ar féidir le scoláirí agus múinteoirí comhoibriú, machnamh a dhéanamh, naisc agus pictiúir a roinnt, i suíomh sábháilte. Is féidir le Padlet guth an scoláire a ghabháil láithreach, agus is ardán cruthaithe é maidir le haiseolas éifeachtach agus eagraítear smaointe coitianta grúpa ann. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig <https://padlet.com/>

Is gníomhaíocht é mata boird a thugann deis do na scoláirí uile a bheith ag obair ina n-aonar, chun smaointe a roinnt agus foghlaim óna chéile mar ghrúpa beag i gcomhrá comhoibríoch. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig <https://www.jct.ie/perch/resources/wholeschool/strategies-placemat.pdf>

Is straitéis é 3-2-1 a thugann struchtúr do scoláirí lena dtuiscint ar an méid a d'fhoghlaim siad a thaifeadh. Tugann sé deis freisin do mhúinteoirí a aithint cé na gnéithe den cheacht ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh orthu, chomh maith le réimsí spéise na scoláirí a aithint. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig <https://www.jct.ie/perch/resources/wholeschool/strategies-3-2-1.pdf>

Is ionann Siúlóid an Phúca agus cuairt i seomra ranga ar stáisiún mar a mbreacann na rannpháirtithe síos nóta go díreach den mhéid a fheiceann agus / nó nach bfeiceann siad maidir le ceist fhocásaithe nó le sainchatagóirí.

Is straitéis é Smaoinigh-Péireáil-Roinnt a ceapadh chun am agus struchtúr a thabhairt do scoláirí le smaoineamh ar thopaic ar leith, agus lena chur ar a gcumas a gcuid smaointe féin a fhorbairt agus a roinnt le piara. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig <https://www.jct.ie/perch/resources/wholeschool/strategies-think-pair-share.pdf>

Machnamh ar an bhFoghlaim

Cad é? Cad é a d'fhoghlaim mé?



Seisiún 1	Seisiún 2	Seisiún 3

Agus cad é faoi? Cad é a insíonn seo dom faoi mo chuid láidreachtaí agus faoi na bearnaí i mo chuid tuiscena?

Seisiún 1	Seisiún 2	Seisiún 3

Agus cad é anois? Cad é is féidir liom a dhéanamh chun mo thuiscint a fheabhsú? Cad iad na chéad chéimeanna eile? Cad iad mo chuid cuspóirí agus spriocanna amach anseo?

Seisiún 1	Seisiún 2	Seisiún 3



Molann Rolfe, Freshwater agus Jasper (2001) trí cheist shimplí a chur agus tú ag machnamh ar an bhfoghlaim: Cad é? Agus cad é faoi? Agus cad é anois?





Arna curtha in oiriúint ó Scoláirí ag Machnamh ar a gCuid Foghlama

Príomhdhoiciméad

Sonraíocht don Oideachas Reiligiúin

https://www.jct.ie/religious_education/key_documents

Doiciméid Ábhartha Eile



Suíomhanna Gréasáin



www.jct.ie



www.curriculumonline.ie



www.ncca.ie

Tacaíocht Seirbhíse na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)

Tacaíocht Seirbhíse de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

Oifig Riaracháin
Ionad Oideachais
Mhuineacháin
Bóthar Ard Mhacha
Muineachár
Teil: 047 74000

Oifig an Stiúrthóra
BOOLM
Sráid an tSéipéal
Dún Dealgan
Teil: 042 936460



@JCT_RE

